

Ceachtanna AS An Ghramadach

Ábhar: Caint Indíreach
Aimsir Chaite

Fad ama: 60 bomaite

Intreoir:

Ag deireadh an cheachta seo, tuigfidh na scoláirí an téarma 'caint indíreach'. Beidh siad ábalta, mar ghrúpa, abairtí indíreacha san aimsir chaite ó bhéal a aistriú go Gaeilge.

Príomhthasc:

1. Gabh siar ar an aimsir chaite agus na rialacha leis an rang. Labhair faoin fhoirm spléach den bhriathar. Labhair faoi na briathra rialta agus neamhrialta.
2. Míneigh caint indíreach do na scoláirí - tabhair samplaí. Míneigh an difear idir na briathra rialta agus neamhrialta
3. Tabhair an SB amach do na scoláirí.
4. Caith am sa rang ag cleachtadh na n-abairtí ó bhéal ón SB. Iarr ar na scoláirí na habairtí a aistriú go Béarla. Ná hiarr orthu abairtí a chumadh i nGaeilge go fóill. Thig na cláir bhána bheaga a úsáid sa chuid seo den cheacht.

Conclúid/Measúnú:

Obair bheirte : I mbeirteanna, caithfidh na scoláirí míniú a thabhairt don duine eile ar gach rud a d'fhoghlaim siad inniu. Beidh ar an dara duine na bearnaí a phlé leis an chéad duine. Roghnóidh an múinteoir duine amháin go randamach le achoimre a thabhairt don rang ar an mhéid a d'fhoghlaim siad faoi caint indíreach.

Obair bhaile - Iarr ar na scoláirí cuid 1 agus cuid 2 ón leathanach cleachtadh a dhéanamh don obair bhaile.



Ábhair thacaíochta le fáil anseo



Ceachtanna AS An Ghramadach

Ábhar: Caint Indíreach
Aimsir Láithreach

Fad ama: 60 bomaite

Intreoir:

Ag deireadh an cheachta seo, tuigfidh na scoláirí an téarma - 'Caint Indíreach' . Beidh siad ábalta, mar ghrúpa, abairtí indíreacha san aimsir láithreach ó bhéal a aistriú go Gaeilge.

Príomhthasc:

1. Gabh siar ar an aimsir láithreach agus na rialacha a bhaineann léi leis an rang. Labhair faoin fhoirm spléach den bhriathar. Labhair faoi na briathra rialta agus neamhrialta.
2. Mínigh caint indíreach do na scoláirí - tabhair samplaí. Mínigh an difear idir an briathra rialta agus neamhrialta
3. Tabhair an SB amach do na scoláirí
4. Caith am sa rang ag cleachtadh na n-abairtí ó bhéal ón SB. Iarr ar na scoláirí na habairtí a aistriú go Béarla - na hiarr orthu abairtí a chumadh i nGaeilge go fóill. Thig leat na cláir bhána bheaga a úsáid sa chuid seo den cheacht.

Conclúid/Measúnú:

Obair bheirte : I mbeirteanna, caithfidh na scoláirí miniú a thabhairt don duine eile ar gach rud a d'fhoghlaim siad sa rang. Beidh ar an dara duine na bearnaí a phlé leis an chéad duine.

Roghnóidh an múinteoir duine amháin go randamach le hachóimre a thabhairt don rang ar an mhéid a d'fhoghlaim siad faoi caint indíreach.

Obair bhaile - Iarr ar na scoláirí cuid 1 agus cuid 2 ón leathanach cleachtadh a dhéanamh don obair bhaile



Ábhair thacaíochta le fáil anseo



Ceachtanna AS An Ghramadach

Ábhar: Caint Indíreach
Aimsir Fháistineach

Fad ama: 60 bomaite

Intreoir:

Ag deireadh an cheachta seo, tuigfidh na scoláirí an téarma 'caint indíreach'. Beidh siad ábalta, mar ghrúpa, abairtí indíreacha san aimsir fháistineach ó bhéal a aistriú go Gaeilge.

Príomhthasc:

1. Gabh siar ar an aimsir fháistineach agus na rialacha leis an rang. Labhair faoin fhoirm spléach den bhriathar. Labhair faoi na briathra rialta agus neamhrialta.
2. Mínigh caint indíreach do na scoláirí - tabhair samplaí. Mínigh an difear idir an briathra rialta agus neamhrialta
3. Tabhair an SB amach do na scoláirí
4. Caith am sa rang ag cleachtadh na n-abairtí ó bhéal ón SB. Iarr ar na scoláirí na habairtí a aistriú go Béarla - na hiarr orthu abairtí a chumadh i nGaeilge go fóill. Thig leat na cláir bhána bheaga a úsáid sa chuid seo den cheacht.

Conclúid/Measúnú:

Obair bheirte : I mbeirteanna, caithfidh na scoláirí míniú don duine eile gach rud a d'fhoghlaim siad inniu. Beidh ar an dara duine, na bearnaí a phlé leis an chéad duine. Roghnóidh an múinteoir duine amháin go randamach le achoimre a thabhairt don rang ar an mhéid a d'fhoghlaim siad faoin chaint indíreach.

Obair bhaile - Iarr ar na scoláirí cuid 1 agus cuid 2 ón leathanach cleachtadh a dhéanamh don obair bhaile



Ábhair thacaíochta le fáil anseo

